



Cinneadh na Cúirte Breithiúnais (an Dlísheomra Athbhreithnithe) an 26 Márta 2026 athbhreithniú a dhéanamh ar bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (Dlísheomra réamhrialaithe) a fógraíodh an 11 Feabhra 2026 i gCás T-689/24, Dyrektor Krajowej Informacji Skarbowej

(Cás C-167/26 RX)

(C/2026/3045)

Teanga an cháis: an Pholainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Naczelny Sąd Administracyjny

Páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta

Iarratasóir: I. S.A.

Cosantóir: Dyrektor Krajowej Informacji Skarbowej

Ceisteanna le hathbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an gceist i bhfianaise bhreithiúnas an 29 Aibreán 2004, *Terra Baubedarf-Handel* (C-152/02, EU:C:2004:268), agus an 12 Márta 2026, *Aptiv Services Hungary* (C-521/24, EU:C:2026:191), an ndéantar difear le breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 11 Feabhra 2026, *Dyrektor Krajowej Informacji Skarbowej* (T-689/24, EU:T:2026:113), d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais a mhéid a rialaigh an Chúirt Ghinearálta:

Maidir le hAirteagal 167, Airteagal 168(a) agus Airteagal 178(a) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus prionsabail na neodrachta cánach breisluacha (CBL) agus na comhréireachta, ní mór léiriú a dhéanamh [sa chaoi go] [g]cuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir nach bhféadfadh an duine inchánach a cheart chun cáin ar ionchur a asbhaint a fheidhmiú, i dtuaisceán arna thaisceadh i leith tréimhse inar chomhlíon sé na ceanglais shubstainteacha maidir le feidhmiú an chirt sin i gcás nach raibh an sonrasc comhfhreagrach faighte aige le linn na tréimhse sin, cé go bhfuair sé an sonrasc sin sular thaisc sé an tuairisceán sin.